

FOLÚNTAS SCOILE: LEAS-PHRÍOMHOIDE

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil xxx folúntas don phost mar leas-phríomhoide sa scoil a fhógairt. Feidhmeoidh an té a cheapfar mar bhall lárnach d'fhoireann ceannasaíochta agus bainistíochta na scoile. Déanfar athbhreithniú ar dhualgais an leas-phríomhoide go rialta agus féadfar iad a athrú ag brath ar riachtanais reatha na scoile.

Seo a leanas na dualgais reatha a leagfar ar an té a cheapfar:

Dualgais Riaracháin

- Cúraimí an Phríomhoide a ghlacadh i gcás as láithreachta
- Comhoibriú le riarachán do chruinnithe foirne, do laethanta pleanála, do thuairiscí scoile, d'fhéilire na bliana agus d'ócáidí scoile
- Freastal ar chruinnithe rialta leis an bhfoireann in-bhainistíochta
- Feidhmiú mar Ionadaí Sábháilteachta na Foirne
- Tinreamh scoile a thairfead go cruinn agus tuairisciú don Bhord Bainistíochta agus do Thusla ina leith
- Eolas reatha a chur ar an gcóras POD don Roinn Oideachais agus Scileanna
- Féitheoireacht Chlóis a eagrú agus a bhainistiú
- Freagracht a ghlacadh ar acmhainní scoile: riachtanais a aithint, ordú, agus cúram
- Imeachtaí scoile a eagrú – Seachtain na Gaeilge, an G-Fachtóir, Lá Oscailte srl.

Dualgais Thréadacha

- Tacú leis an bhfoireann in-bhainistíochta chun sainmheon dearfach foghlamtha a chur chun cinn ar fud na scoile
- Caomhnú Páistí sa scoil a chinntiú agus feidhmiú mar leas-DCA (Duine Caidrimh Ainmnithe)
- Bheith mar bhall den Fhoireann Theagmhais Chriticiúil
- Eolas a scaipeadh i measc baill foirne maidir le riachtanais sláinte na ndaltaí
- Tacú le cur i bhfeidhm an Chóid Smachta ar fud na scoile
- Tacú le baill foirne nua chun na scoile agus le hionadaithe
- Pacáistí eolais na scoile do bhall foirne agus do thuismitheoirí a chur ar fáil
- Bainistíocht ar an Seomra Foirne: eolas, taispeántais agus acmhainní

Dualgais Churaclaim

- Freagracht a ghlacadh as gnéithe curaclaim ag freagairt do riachtanais reatha na scoile
- Tabhairt faoi mheasúnú agus athbhreithniú ar an bPlean Scoile
- Féinmheastóireacht Scoile a threorú agus a eagrú
- Leabharliostaí ranga a eagrú
- Bainistíocht ar scéim cíosa leabhair na scoile

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar an bpost mar Phríomhoide Cúnta II, ba chóir iarratas scríofa (CV agus litir iarratais a léiríonn inniúlacht don phost) a chur chuig an gCathaoirleach ag seoladh na scoile roimh 6.00 i.n. _____

Is mise, le meas,

Cathaoirleach.